Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**13921/22**

**RECH 561**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13573/22 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle(Iomaíochas (an margadh inmheánach, an tionsclaíocht, an taighde agus an spás)) an 1-2 Nollaig 2022*<br>Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Bonneagair Thaighde<br>- Formheas |

1. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET)[1] nua an 1 Nollaig 2020, leagadh béim ar réimse an bhonneagair taighde mar thosaíocht chun Clár Oibre Beartais LET a fhorbairt agus an gá atá le hinfheistíochtaí inbhuanaithe fadtéarmacha san éiceachóras RI Eorpach chun cur le torthaí den scoth sna heolaíochtaí bunúsacha agus feidhmeacha.

2. Iarradh sa Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[2] an 26 Samhain 2021 go bhfeabhsófaí comhtháthú an éiceachórais Eorpaigh um bhonneagar taighde chun tairbhí agus tionchair na n-infheistíochtaí i mbonneagair thaighde a uasmhéadú agus réitigh eolasbhunaithe a sholáthar do riachtanais dhomhanda shochaíocha agus eacnamaíocha.

3. Mhol an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Bonneagair Thaighde, agus scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde na dréachtchonclúidí ag na cruinnithe a bhí aici an 6 agus an 26 Meán Fómhair agus an 13 Deireadh Fómhair 2022.

---

1 13567/20.
2 IO L 431, 2.12.2021, lch. 1-9.

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Deireadh Fómhair, tar éis roinnt modhnuithe a thabhairt isteach ar dhoiciméad comhréitigh 13159/22 ón Uachtaránacht, tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir le hábhar na ndréachtchonclúidí. Dearbhaíodh an comhaontú sin ar dhul in éag do nós imeachta tosta ar tháinig deireadh leis an 17 Deireadh Fómhair 2022.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú ar thángthas air ar an leibhéal teicniúil, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, a dhearbhú, chun na dréachtchonclúidí a thíolacadh lena bhformheas ag an gComhairle (Iomaíochas) an 2 Nollaig 2022.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Bonneagair Thaighde**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

**Ag meabhrú di na nithe seo a leanas:**

– *na Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET)*[3], ina gcuirtear i dtreis réimse an bhonneagair taighde (RI) mar thosaíocht chun Clár Oibre Beartais LET a fhorbairt agus Gníomhaíochtaí LET a chur chun feidhme, agus ina leagtar amach an gá atá le hinfheistíochtaí inbhuanaithe fadtéarmacha a dhéanamh in éiceachóras Eorpach RI chun cur le torthaí sármhaithe sna heolaíochtaí bunúsacha agus feidhmeacha, agus chun an t-eolas cuimsitheach is gá a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

– *Conclúidí an 28 Bealtaine 2021 uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhoimhniú*: *Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú*[4], ag tabhairt dá n-aire an ról ríthábhachtach atá ag ardscileanna i bhfeidhmiú RInna agus an ríomh-bhonneagair;

– *conclúidí an 28 Meán Fómhair 2021 uaithi maidir le Cur Chuige Domhanda i leith taighde agus nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach*[5], inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá oscailteacht agus comhar idirnáisiúnta i mbonneagair thaighde chun an eolaíocht agus an taidhleoireacht eolaíochta a chur chun cinn, chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus rochtain ar bharr feabhais a mhéadú, agus chun spreagadh a thabhairt don Fhóram Straitéiseach Eorpach maidir le Bonneagair Thaighde (ESFRI) agus don Choimisiún tacú le gníomhaíochtaí RInna lena ndírítear ar líonra domhanda RInna a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta, bunaithe ar luachanna agus prionsabail bhunúsacha chomhroinnte;

---

[3] 13567/20.
[4] 9138/21.
[5] 12301/21.

– *moladh an 26 Samhain 2021 uaithi maidir le Comhshocrú um Thaighde agus Nuálaíocht san Eoraip*[6] lena gcuimsítear bonneagair thaighde mar réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach san Aontas Eorpach chun margadh inmheánach feidhmiúil le haghaidh eolais a dhoimhniú a thuilleadh agus a iarrann go bhfeabhsófaí comhtháthú éiceachóras Eorpach RInna chun tairbhí agus tionchair na n-infheistíochtaí sna bonneagair sin a uasmhéadú, agus réitigh eolasbhunaithe a sholáthar do riachtanais dhomhanda shochaíocha agus eacnamaíocha;

– *Conclúidí an 26 Samhain 2021 uaithi maidir le Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) amach anseo*[7], ina leagtar amach Clár Oibre Beartais LET don tréimhse 2022–2024, agus ina moltar go leanfadh ESFRI dá chuid oibre mar ghrúpa saineolaithe neamhspleách de chuid an Choimisiúin, agus go ndéanfadh sé dlúthchomhordú le Fóram LET agus go gcuirfeadh sé Fóram LET ar an eolas go rialta;

– *Conclúidí an 10 Meitheamh 2022 uaithi maidir le Misin Eorpacha*[8], ina gcuirtear i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá RInna agus cuspóirí Misin Eorpacha á mbaint amach, mar aon le cuspóirí ESFRI, arb iad sin forbairt straitéiseach thírdhreach Eorpach RInna a threorú agus n-ionchur i gcur chun feidhme na misean Eorpach a chothú.

## PEIRSPICTÍOCHTAÍ GINEARÁLTA BEARTAIS

1. AITHNÍONN SÍ gur bunchloch ríthábhachtach d'fhorbairt LET athnuaite é éiceachóras Eorpach RInna atá lánfheidhmiúil agus oibríochtúil, lena gcomhtháthaítear go héifeachtúil RInna Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha ar mhéideanna éagsúla, agus go mbíonn ról lárnach aige maidir le cumas na hEorpa réitigh eolasbhunaithe a chur ar fáil ar mhórdhúshláin shochaíocha, chun tacú le tosaíochtaí foriomlána an Aontais agus cur leis an rathúnas agus leis an dea-bhail san Eoraip.

[6] IO L 431, 2.12.2021, lch. 1-9.
[7] 14308/2021.
[8] 10124/22.

2. AONTAÍONN SÍ gur colún bunúsach d'éiceachórais taighde agus nuálaíochta (T&N) iad RInna sna Ballstáit agus san Aontas ina iomláine, lena gcuirtear eolas agus saineolas uathúil ar fáil do thaighdeoirí agus do gheallsealbhóirí eile, feistí turgnamhacha agus acmhainní teicniúla, agus bailiúcháin chuimsitheacha de thacair sonraí agus de sheirbhísí TFC agus ríomhaireachta gaolmhara, atá riachtanach chun taighde ceannródaíoch bunúsach agus feidhmeach a dhéanamh, lena mbristear talamh nua i dtaobh an eolais, agus chun teicneolaíochtaí úrscothacha a fhorbairt, rud a chuirfidh le nuálaíochtaí; AITHNÍONN SÍ an ról atá ag RInna maidir le barr feabhais sa taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn agus maidir le cuidiú le taighdeoirí, nuálaithe agus geallsealbhóirí eile na hEorpa a bheith níos iomaíche ar an leibhéal domhanda.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS tairbhí agus tionchair na n-infheistíochtaí poiblí in RInna ar thionscail, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus gníomhaithe ábhartha eile, trí na gníomhaíochtaí amhail rochtain dhílsithe ar RInna, taighde conarthach, T&N comhpháirteach, oiliúint agus tionsclaíocht, soláthar táirgí agus seirbhísí den chéad scoth do RInna; cuireann sí i bhfios a thábhachtaí atá sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais agus ar sheirbhísí RInna lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na hearnála príobháidí chun iomaíochas na hEorpa a neartú.

4. AITHNÍONN SÍ, lasmuigh dá misin bhunúsacha i réimsí T&N, go ngníomhaíonn RInna atá fréamhaithe go náisiúnta agus go réigiúnach mar mhéadaitheoir i gcás forbairt réigiúnach, agus poist ardcháilithe á gcur ar fáil, lena n-áirítear poist bhainistíochta, eolaíocha, theicniúla, riaracháin agus eile, agus go gcuireann siad borradh faoi fhorbairt a láithreán agus a réigiún máguaird trí spreagadh a thabhairt d'fhorbairt gnólachtaí nua, slabhraí soláthair, bonneagair shibhialta agus seirbhísí gaolmhara, agus ar an gcaoi sin straitéisí eacnamaíocha réigiúnacha a mhúnlú.

5. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé rochtain níos leithne ar RInna a neartú agus a éascú a thuilleadh; AITHNÍONN SÍ dá ndéanfaí dáileadh níos cothroime RInna den scoth ar fud na hEorpa agus dá dtógfaí RInna a bheadh fréamhaithe go náisiúnta agus go réigiúnach agus a bheadh leabaithe i Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste a dtíortha agus a réigiún óstach, go mbeadh an-acmhainneacht sa mhéid sin maidir lena luaithe a gcuirfí deireadh leis an deighilt T&N, agus go ndéanfaí oscailteacht a chothú, leas iomlán a bhaint as barr feabhais T&N agus an comhtháthú san Eoraip a mhéadú.

6. IARRANN SÍ AR ESFRI féachaint ar na cineálacha cur chuige atá ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar eolaíoch, sochaíoch agus eacnamaíoch a bhíonn ag infheistíochtaí in RInna, dea-chleachtais a shainaithint, creat faireacháin a fhorbairt, an creat sin a thástáil agus moltaí a dhéanamh do gheallsealbhóirí RInna náisiúnta agus réigiúnacha faoi dheireadh 2023.

7. AITHNÍONN SÍ go gcuireann beartais rochtana oscailte RInna go mór le heolas agus cúrsaíocht daoine oilte a spreagadh, oiliúint speisialaithe ardcháilíochta a chur chun cinn do mhic léinn, taighdeoirí, nuálaithe, bainisteoirí agus teicneoirí, an tsoghluaisteacht idirearnálach agus idirnáisiúnta a neartú, agus mic léinn éirimiúla, taighdeoirí luathghairme, príomheolaithe, nuálaithe ardoilte agus fiontraithe ó gach cearn den domhan go dtí an Eoraip a mhealladh, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta na hEorpa in T&N agus iomaíochas éiceachóras T&N Eorpach a threisiú ar fud an domhain.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá oiliúint ghairmiúil na foirne atá i gceannas ar RInna chun a cuid eolais agus inniúlachtaí a fhorbairt; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna maidir le cur chuige comhchoiteann d’fhoireann na RInna, go háirithe i gcás an Chuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC).

9. AITHNÍONN SÍ gur cuid den aon éiceachóras bonneagair amháin iad RInna agus bonneagair teicneolaíochta (TInna); CUIREANN SÍ I DTREIS go bhfuil sé ar cheann de na réamhriachtanais chun bealach chun cinn a shainaithint chun coincheap an TI a chur chun feidhme laistigh de Chlár Oibre Beartais LET agus gur túsphointe d’aon straitéisí agus gníomhaíochtaí amach anseo, agus obair ábhartha ESFRI á cur san áireamh, riachtanais úsáideoirí maidir le TInna a mhapáil.

**BONNEAGAR TAIGHDE AGUS BEARTAIS EARNÁLACHA EILE A CHÓINEASÚ**

10. CUIREANN SÍ I dTREIS an acmhainneacht atá ag RInna, lena gcomhtháthaítear raon mór geallsealbhóirí, lena n-áirítear lasmuigh de T&N, agus lena gcuirtear seirbhísí ildisciplíneacha atá dírithe ar réiteach ar fáil, chun rannchuidiú le beartais T&N a chóineasú le beartais earnálacha eile; MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún trí ESFRI a shainaithint conas is fearr is féidir le RInna rannchuidiú chun Fís Eorpach agus, go háirithe, Comhpháirtíochtaí agus Misin Eorpacha, agus tionscnaimh amhail treochláir teicneolaíochta tionsclaíche, a chur chun feidhme.

11. MOLANN SÍ do na RInna seirbhísí nua a dhearadh bunaithe ar mhisin éagsúla RInna, agus rannchuidiú le cuspóirí beartais níos leithne na hEorpa agus an domhain, amhail an t-aistriú glas, an claochlú digiteach agus athléimneacht gheilleagar an Aontais, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, i gcláir oibre straitéiseacha RInna chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht éiceachóras Eorpach RInna.

**COMHTHÁTHÚ RInna I bhFREAGAIRT AN AONTAIS AR GHÉARCHÉIMEANNA**

12. IS MÓR AICI an ghairm chun gnímh láithreach ó ESFRI, agus an luathfhreagairt agus an rannchuidiú bunriachtanach a rinne RInna Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim phaindéim COVID-19; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cuireadh RInna in oiriúint do choinníollacha oibríochtaí dífhasaigh chun leanúint de bheith ag freastal ar úsáideoirí in ainneoin bearta srianta, chun modhanna nuálacha oibríochta a chur chun feidhme, lena gcumasaítear mear-rochtain, cianrochtain agus rochtain fhíorúil, chun bunlínte na gclár úsáideoirí a athshocrú i gcomhréir le riachtanais phráinneacha shochaíocha agus chun tús áite a thabhairt do thurgnaimh úsáideoirí lena mbaineann ábharthacht chriticiúil.

13. AITHNÍONN SÍ gur léirigh éiceachóras Eorpach RInna, mar chuid de fhreagairt fhoriomlán an Aontais ar ghéarchéimeanna, go raibh sé faoi réir i gcás géarchéimeanna tobanna; MEASANN SÍ gur príomhghné é éiceachóras Eorpach RInna don téarnamh iar-ghéarchéimeanna agus go bhfuil an-acmhainneacht aige athléimneacht agus ullmhacht shochaí na hEorpa a neartú chun déileáil le haon ghéarchéim atá ann faoi láthair agus aon ghéarchéim a bheidh ann amach anseo; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI, agus ar RInna chomh maith, cásanna a mhionsaothrú chun géarchéimeanna a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a bhainistiú, lena n-áirítear deacrachtaí soláthair fuinnimh.

## INBHUANAITHEACHT FHADTÉARMACH NA MBONNEAGAR TAIGHDE EORPACH A ÁIRITHIÚ

14. AITHNÍONN SÍ go dteastaíonn ó RInna go ndéanfaí infheistíochtaí straitéiseacha trí shaolré iomlán an RI, lena n-áirítear na céimeanna a leanas: forbairt coincheapa, dearadh, ullmhú, cur chun feidhme, tógáil, oibriú, uasghráduithe móra, atreorú, díchoimisiúnú agus foirceannadh, ar saolré é a mhairfidh na blianta fada; MOLANN SÍ do na Ballstáit gealltanas polaitiúil inbhuanaithe a thabhairt maidir le cistiú fadtéarmach RInna, agus ar an gcaoi sin pleanáil airgeadais chobhsaí iontaofa intuartha a éascú maidir le RInna agus a bhforbairt, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cláir de chuid an Aontais faoi bhainistíocht chomhroinnte agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leo sna hiarrachtaí sin.

15. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI anailís a dhéanamh ar na cineálacha tacaíochta airgeadais a thugtar do RInna Eorpacha le linn a saolré, dea-chleachtais agus sineirgí ó acmhainní éagsúla maoinithe RInna a shainaithint, agus samhlacha iomchuí maoinithe RInna agus tionscnaimh chomhfhreagracha maoinithe RInna a fhiosrú.

16. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún iarrachtaí comhordaithe a dhéanamh de mheon a gcomhdhearaidh, a gcomhchruthaithe agus a gcur chun feidhme chun sineirgí i gcistiú RInna a chur chun cinn go mór ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta, macrairéigiúnach agus Eorpach chun éifeachtúlacht na n-infheistíochtaí in RInna a mhéadú.

17. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról ríthábhachtach atá ag pearsanra ardoilte maidir le RInna a thógáil agus a oibriú, agus freastal ar úsáideoirí agus freastal ar a riachtanais; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún tionscnamh a thíolacadh le haghaidh creat Eorpach maidir le gairmeacha taighde.

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach stopann inbhuanaitheacht fhadtéarmach RInna le breithnithe airgeadais nó acmhainní daonna ach gur cheart a dtionchar ar an gcomhshaol a chur san áireamh freisin; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI, chomh maith le RInna, machnamh a dhéanamh ar an tionchar sin agus modhanna a fhorbairt chun é a thomhas.

**AN tÉICEACHÓRAS BONNEAGAIR TAIGHDE SAN EORAIP A CHUR CHUN CINN**

19. IARRANN sí ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar na geallsealbhóirí dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET don tréimhse 2022–2024 agus, go háirithe Gníomhaíocht 8 LET ('Inbhuaine, inrochtaineacht agus athléimneacht RInna a neartú i LET') agus gníomhaíochtaí eile maidir le plean oibre ESFRI 2022–2023; IARRANN sí ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh dlúthbhaint ag ESFRI le hobair Fhóram LET nuair is ábhartha, rud atá bunriachtanach chun go mbeidh malartú éifeachtach agus rannchuidiú éifeachtach á dhéanamh ag RInna le LET a chur chun feidhme.

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról ESFRI maidir le cineálacha cur chuige comhordaithe a spreagadh agus a struchtúrú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon maidir le ceapadh beartais RI, as a n-eascraíonn, i measc nithe eile, próisis treochláraithe agus tírdhreachaithe, as a dtagann ceapadh beartais RI níos comhleanúnaí san Eoraip; i ndáil leis sin, MEASANN SÍ go bhfuil gá le comhordú idir ESFRI agus Bord Stiúrtha an Néil Eorpaigh maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC); IARRANN SÍ ar na Ballstáit a n-iarrachtaí atá dírithe ar threochlárú agus tírdhreachú RI a threisiú, agus treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais arna bhforbairt trí ESFRI á gcur san áireamh, agus an éagsúlacht náisiúnta á hurramú ag an am céanna.

21. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cleachtaí faireacháin ar RI atá bunaithe ar athbhreithniú piaraí a dhéanamh i gcomhréir le dea-chleachtais ESFRI agus bunaithe ar shraith critéar, lena n-áirítear comhthéacs, insintí agus táscairí bainistíochta, eolaíocha, teicniúla, airgeadais agus eile, lena bhféadfar faireachán iomchuí a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht RInna feadh a saolré.

22. MOLANN sí do na Ballstáit agus don Choimisiún dreasachtaí a chur ar fáil, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, d'oibreoirí RI chun leanúint de líonrú, de bhraisliú, de chomhlachú, agus, más iomchuí, cásanna a fhorbairt chun a saoráidí a chomhtháthú agus a chumasc fiú, agus acmhainneachtaí agus cumais RI ar fud disciplíní eolaíocha agus réimsí taighde ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun comhdhlúthú éiceachóras RI na hEorpa a chur chun cinn.

**AN BONNEAGAR EORPACH LE HAGHAIDH SONRAÍ EOLAÍOCHA AGUS AISTRIÚ DIGITEACH A FHORBAIRT**

23. ADMHAÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag RInna maidir le sonraí eolaíocha deimhnithe d'ardchaighdeán a tháirgeadh, a bhailiú, a phróiseáil, a stóráil agus a sholáthar i gcomhréir le prionsabail FAIR (Inaimsithe, Inrochtana, Idir-inoibrithe agus In-athúsáidte), agus ar an gcaoi sin úsáid sonraí den sórt sin a éascú i raon leathan réimsí araíonachta agus go hidirnáisiúnta, agus a rannchuidíonn go bunúsach le cur chun feidhme EOSC agus an bheartais eolaíochta oscailte.

24. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún forbairt sonraí náisiúnta agus ríomh-bhonneagair a chur chun cinn trí chistiú réigiúnach, náisiúnta agus Aontais a shlógadh; Aithníonn sí gur comhpháirteanna bunriachtanacha d'eagraíochtaí cumasúcháin agus déanta taighde iad pleananna bainistithe sonraí FAIR; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún infheistíocht in oideachas agus in oiliúint choimeádaithe sonraí eolaíocha a chur chun cinn; IARRANN SÍ ar na Ballstáit a sonraí réigiúnacha agus náisiúnta agus a ríomh-bhonneagair a chónascadh laistigh de EOSC.

25. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil EOSC á fhorbairt i dtimpeallacht chasta le gnéithe Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha ina bhfuil comhpháirteanna cineálacha agus téamacha a bhfuil leibhéil éagsúla aibíochta agus tosaíochtaí ag baint leo; AITHNÍONN SÍ ról lárnach ESFRI agus RInna téamacha ag obair i gcomhar le forbróirí agus oibreoirí lárnacha EOSC chun dlús a chur le cur chun feidhme an bheartais eolaíochta oscailte agus bainistiú sonraí FAIR, agus chun T & N idirdhisciplíneach a chur chun cinn san Eoraip.

26. AITHNÍONN SÍ gur deis mhór é an t-aistriú digiteach d'fhorbairt RInna, dá n-inrochtaineacht, dá n-idir-inoibritheacht agus dá gcomhtháthú san éiceachóras T&N digiteach Eorpach agus domhanda; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún digiteáil RInna a chur chun cinn ar feadh a saolré RI ina iomláine.

**AN FÓRAM STRAITÉISEACH EORPACH MAIDIR LE BONNEAGAIR THAIGHDE A THREISIÚ**

27. ADMHAÍONN SÍ seasamh bunriachtanach ESFRI mar fhóram straitéise, faoi stiúir na mBallstát, chun idirphlé rialta, oscailte agus struchtúrtha a dhéanamh le geallsealbhóirí Eorpacha RI agus T&I trí Fhóram Geallsealbhóirí ESFRI chun anailís a dhéanamh ar a riachtanais agus a scrogaill agus chun comhairle atá fianaisebhunaithe agus tráthúil a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún, mar aon le fís straitéiseach d'fhorbairt inbhuanaithe fhadtéarmach éifeachtach éiceachóras RI san Eoraip; Is díol sásaimh di breithnithe ESFRI maidir leis an mbealach is fearr chun tíortha comhlachaithe, geallsealbhóirí agus tríú tíortha ábhartha a rannpháirtiú maidir le cur chuige cás ar chás bunaithe ar luachanna agus prionsabail bhunúsacha chomhchoiteanna.

28. IS MÓR AICI go bhfeidhmíonn ESFRI ar bhonn comhthola, ina ndéantar tuairimí a chomhaltaí uile a chomhtháthú, agus urraim á tabhairt d'éagsúlacht gheografach, eacnamaíoch, shochaíoch agus chultúrtha san Eoraip, lenar féidir teacht ar réitigh bunaithe ar phrionsabal na geoiméadrachta athraitheacha agus, ag an am céanna, riachtanais choiteanna mhacrairéigiúnacha agus Eorpacha a chomhlíonadh, bunaithe ar bharrfheabhas eolaíoch, agus comhtháthú agus cuimsitheacht a chur chun cinn.

29. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI anailís chuimsitheach a dhéanamh ar thírdhreach RI na hEorpa agus é mar aidhm aige sin na sineirgí agus na comhlántachtaí atá ann cheana a shainaithint, easnaimh agus bearnaí leanúnacha a nochtadh, agus feabhsuithe a mholadh maidir le hinrochtaineacht, líonrú, braisliú, rannpháirtiú agus fiú cumasc RInna Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha, agus a gcomhtháthú níos doimhne in éiceachóras Eorpach RI atá lánfheidhmiúil agus idir-inoibritheach; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI torthaí na hanailíse Eorpaí ar thaighde tírdhreacha a fhoilsiú, agus torthaí an phróisis leanúnaigh faireacháin a rinne ESFRI á gcur san áireamh; IARRANN SÍ ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh, ar bhonn deonach, ar ghlacadh le modheolaíocht faireacháin ESFRI de réir mar is iomchuí.

30. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, trí ESFRI, an chéad eagrán eile de *Threochlár ESFRI* a fhorbairt, lena n-áirítear tuarascáil straitéise maidir le heiceachóras RI na hEorpa, treoshuíomhanna straitéiseacha d'fhorbairt chlár oibre RI na hEorpa amach anseo, agus forléargas ar Thionscadail agus ar Thograí ESFRI, agus *Treochlár ESFRI* a fhoilsiú roimh dheireadh 2025.

31. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh ag ESFRI chun roghanna inmharthana a fhiosrú, a anailísiú agus a mheas maidir le struchtúr tacaíochta inbhuanaithe atreisithe agus fadtéarmach de chuid ESFRI, agus ar an gcaoi sin a chumas a neartú chun comhairle straitéiseach chuimsitheach a chur ar fáil i gcomhthéacs tírdhreach Eorpach RI a leathnú agus a aibiú, lena n-áirítear EOSC agus r-bhonneagair, agus castacht mhéadaitheach éiceachóras bonneagair na hEorpa agus Chlár Oibre Beartais LET agus an gá atá le tacú le tosaíochtaí foriomlána an Aontais.

**FORBAIRT A DHÉANAMH AR AN gCAIRT EORPACH LE hAGHAIDH ROCHTAIN AR BHONNEAGAIR THAIGHDE**

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnamh a thíolacadh, tar éis an chomhairliúcháin laistigh de ESFRI, maidir le *Cairt Eorpach* athbhreithnithe *um Rochtain ar Bhonneagair Taighde* faoi dheireadh 2023 i bhfianaise éiceachóras RI Eorpach agus tírdhreach saoráidí RI na hEorpa atá ag síorathrú, lena bhfreastalaítear ar a straitéisí úsáideora agus ar a mbeartais rochtana le haghaidh oibríochtaí faoi shamhlacha gnó éagsúla, lena bhfreastalaítear ar úsáideoirí sna modhanna rochtana fisiciúla, cianda agus fíorúla trí nascacht shlán, agus lena gcumasaítear rochtain mhear atá dírithe ar mhisin chun turgnaimh a dhéanamh agus staidéir a dhéanamh a bhfuil ábharthacht phráinneach shochaíoch agus eacnamaíoch ag baint leo.

**AN CREAT EORPACH MAIDIR LE BONNEAGAR TAIGHDE A FHEABHSÚ**

33. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ábhartha atá Creat ERIC chun go mbeifear in ann eintitis oibriúcháin RI a bhunú; ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh le 25 ERIC a bunaíodh ó tháinig sé i bhfeidhm; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú a rinne Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin ar Chreat ERIC, rannchuidiú ó ESFRI agus an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Creat ERIC; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnamh a mholadh faoi dheireadh 2023 maidir leis an bhforbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Chreat ERIC, agus na Conclúidí seo á gcur san áireamh agus i ndlúthchomhar le ESFRI agus Coiste ERIC agus saineolas Fhóram ERIC á mheas ag an am céanna.

**AN tÉICEACHÓRAS BONNEAGAIR TAIGHDE DOMHANDA A FHORBAIRT**

34. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na *Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Bonneagair Thaighde* (ICRI), a tionóladh in Brno faoi choimirce Uachtaránacht Phoblacht na Seicia ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ón 19 go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2022; Is díol sásaimh di *Dearbhú Brno maidir le hÉiceachóras Domhanda na mBonneagar Taighde a Chothú*.

35. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI modh a mhionsaothrú chun tírdhreach domhanda RI a mhapáil, lena nascfar na RInna Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha ar bhealach ildisciplíneach trasearnála leis na leibhéil mhacrairéigiúnacha agus dhomhanda, agus machnamh a dhéanamh ar scéimeanna comhair lena gcuirfear san áireamh tosaíochtaí polaitiúla chaidreamh seachtrach an Aontais agus bunaithe ar luachanna agus ar phrionsabail an Aontais maidir le comhar idirnáisiúnta T&I, lena n-áirítear prionsabal na hoscailteachta cothroime chómhalartaí, lena gcuirtear cothrom na Féinne chun cinn agus lena dtacaítear le creatchoinníollacha comhchoiteanna.

36. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún trí ESFRI comhroinnt taithí a threisiú agus dea-chleachtais a mhalartú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda sna réimsí seo a leanas: ceapadh beartais, cistiú, treochlárú, anailís tírdhreacha, straitéisí úsáideoirí, beartais rochtana, rialachas, bainistiú, faireachán agus measúnú, agus ar an gcaoi sin comhar idirnáisiúnta idir RInna a chur chun cinn agus a éascú, agus cur le díospóireachtaí ardleibhéil straitéise a thionólfar i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta, go háirithe ag an ICRI débhliantúil.